An Iomarca Tacsaithe sa Tír

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin mhéid tacsaithe i gcathair na Gaillimhe. Féach ar an tuairisc uair amháin agus pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cé mhéad den scéal a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Ag obair leis an duine in aice leat ceangal na focail ar chlé leis na focail ar dheis.

1. enough business	(a) faoi bhrú
2. under pressure	(b) urlabhraí
3. feeding/nourishing	(c) margadh oscailte
4. traffic problems	(d) dóthain gnó
5. spokesperson	(e) ceadúnas
6. on behalf of	(f) ag feidhmiú
7. operating/working	(g) ag cothú
8. open market	(h) thar ceann
9. licence	(i) fadhbanna tráchta

1	2	3	4	5	6	7	8	9
d								

Ceist 3 Féach ar na habairtí thíos, an bhfuil siad fíor nó bréagach?

Deir na húdaráis i gcathracha ar leith go bhfuil an iomarca tacsaithe i gceantair áirithe ar fud na tíre.	Fíor/Bréagach
Deir Mícheál Ó Máille go bhfuil an jab mar thiománaí tacsaí níos éasca anois.	Fíor/Bréagach
Tá stadanna tacsaithe dúbailte anois le trí bliana anuas i gcathair na Gaillimhe.	Fíor/Bréagach
Deir urlabhraí thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe gur obair an rialaitheora é cosc a chur ar líon na gceadúnas a cheadaítear.	Fíor/Bréagach
Tá clár nua á thabhairt isteach le cur le caighdeán na dtiománaithe.	Fíor/Bréagach

Ceist 4 *'níos deacra . . .'*

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an fhocal atá i gcló Iodálach thuas?

(b) Anois líon na bearnaí thíos. Tá an chéad cheann déanta duit.

saor	níos saoire	is saoire
daor	_____	_____
gairid	_____	_____
fada	_____	_____
deas	_____	_____
olc	_____	_____
maith	_____	_____
óg	_____	_____
ramhar	_____	_____
álainn	_____	_____
te	_____	_____
sean	_____	_____
mór	_____	_____
beag	_____	_____

Ceist 5 '*sé bliana déag* ó shin'

Is ainmfhocal neamhrialta é 'bliain'. Líon na bearnaí thíos:

_____	amháin
dhá	_____
trí	_____
ceithre	_____
cúig	_____
sé	_____
seacht	_____
ocht	_____
naoi	_____
deich	_____

Anois cuir 'déag' tar éis na bhfocal thuas.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An mbaineann tú féin úsáid as tacsaithe?
An bhfuil an iomarca tacsaithe sa cheantar a bhfuil tú i do chónaí ann?
An síleann tú go bhfuil na tacsaithe ag cur le fadhb na tráchta i gcathracha na tíre?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le plé sula gcuirtear an mhír ar siúl.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9
d	***a***	***g***	***i***	***b***	***h***	***f***	***c***	***e***

Ceist 3
1 – fíor
2 – bréagach
3 – fíor
4 – bréagach
5 – bréagach

Ceist 4
(a) Céimeanna Comparáide na hAidiachta atá ann.

(b)

saor	níos saoire	is saoire
daor	níos daoire	is daoire
gairid	níos gairide	is gairide
fada	níos faide	is faide
deas	níos deise	is deise
olc	níos measa	is measa
maith	níos fearr	is fearr
óg	níos óige	is óige
ramhar	níos raimhre	is raimhre
álainn	níos áille	is áille
te	níos teo	is teo
sean	níos sine	is sine
mór	níos mó	is mó
beag	níos lú	is lú

Ceist 5
An t-ainmfhocal **bliain**:

Bliain amháin (aon bhliain déag)
Dhá bhliain (déag)
Trí bliana (déag)
Ceithre bliana (déag)
Cúig bliana (déag)
Sé bliana (déag)
Seacht mbliana (déag)
Ocht mbliana (déag)
Naoi mbliana (déag)
Deich mbliana

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

An Iomarca Tacsaithe sa Tír

Eimear Ní Chonaola
Fáilte ar ais go dtí an dara leath de nuacht TG4. Tá údaráis i gcathracha ar leith ag cur brú ar an gCoimisinéir um Rialáil Tacsaithe teorainn a leagadh síos ar an méid ceadúnas tacsaithe a cheadaítear. Deir siad go bhfuil an iomarca tacsaithe i gceantair áirithe ar fud na tíre. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar cheann de na húdaráis sin agus tá comhairleoirí áirithe den tuairim go mbíonn i bhfad an iomarca feithiclí ag stadanna tacsaithe agus go bhfuil sé sin ag cur go mór le fadhbanna tráchta sa gcathair. Tá an scéal ag Irene Ní Nualláin.
Irene Ní Nualláin
Tá Mícheál Ó Máille ag obair mar thiománaí tacsaí le blianta fada ach deir sé go bhfuil an jab níos deacra anois ná riamh. Tá cúig mhíle tacsaí breise ar shráideanna na tíre nach raibh ann ceithre bliana ó shin, agus níl dóthain gnó ann leis an méadú seo a chothú, dar le Mícheál.
Mícheál Ó Máille
Thosaigh mise amach i naoi déag nócha a dó, sé bliana déag ó shin, *so* bhí rudaí an-chiúin ag an am, tá sé athraithe ó shin. Tá níos lú oibre ar fáil, tá níos mó daoine ag iarraidh píosa den cháca céanna a fháil dóibh féin. Tá muid faoi bhrú ó chuile thaobh.
Irene Ní Nualláin
Dea-scéal iad na tacsaithe breise seo dóibh siúd a bhaineann úsáid as tacsaithe dár ndóigh. Ach, ní hionann an scéal de thiománaithe dar le daoine áirithe.
Duine 1: Rud amháin, go bhfuil dalladh tacsaithe ann agus tacsaí ag teastáil ó dhuine, ach is dócha go bhfuil siad ag cur as do dhaoine.
Duine 2: Tá an iomarca ann, aon oíche go dtéann tú suas go dtí an Fhaiche Mhór nó síos go dtí *Bridge Street* ansin tá siad líonta *back* cúpla céad slat.
Duine 3: Sílim go bhfuil a ndóthain againn, tá na sráideanna plódaithe ag carranna agus tacsaithe, sílim go bhfuil a ndóthain againn.
Irene Ní Nualláin
Ag cruinnithe a bhí ag Comhairle Cathrach Luimnigh agus ag Comhairle na Gaillimhe an tseachtain seo, bhí comhairleoirí áirithe den tuairim go bhfuil na tacsaithe breise seo ag cothú fadhbanna tráchta sna cathracha. Tá stadanna tacsaithe dúbailte i gcathair na Gaillimhe le trí bliana anuas mar shampla, agus níl aon phlean ag aon cheann de na húdaráis cur le líon na stadanna faoi láthair. Dúirt urlabhraí thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe go bhfuil tiománaithe ag feidhmiú taobh istigh de mhargadh oscailte anois, agus nach mbaineann sé le hobair an rialaitheora cosc a chur ar líon na gceadúnas a cheadaítear. Tá clár nua á thabhairt isteach ag an gCoimisiún i mbliana le cur le seirbhís chothabhála* agus caighdeán na bhfeithiclí a úsáidtear san earnáil seo. Ach deir tiománaithe tacsaithe i gcathair na Gaillimhe inniu gur beag tionchar a bheidh aige seo** ar thacsaithe a bhaint den bhóthar.
Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4, i gCathair na Gaillimhe.

**seirbhís cothabháil* a deirtear
***ag seo* a deirtear